ETF Working together Learning for life

**FÓGRA FOLÚNTAIS – ETF/REC/16/04**

# Tá an ETF (an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna) ag iarraidh Speisialtóir ar an Margadh Saothair a earcú (Gníomhaire Sealadach – Feidhmghrúpa AD, Grád 7)

## An oireann an post seo duitse?

An bhfuil tú i do shaineolaí ar an Margadh Saothair agus ar fhorbairt beartas Fostaíochta?

An bhfuil tú toilteanach taisteal ar bhonn rialta san Eoraip agus i dtíortha comhpháirtíochta an ETF?

An mbaineann tú taitneamh as obair fhoirne i dtimpeallacht dhinimiciúil idirnáisiúnta?

An bhfuil sé de chumas ort oiriúnú go héasca i ndáil le hathruithe?

Más ea, tá seans ann go n-oireann an post seo duit.

**Seol d'iarratas chugainn roimh 6 Samhain 2016**, agus na treoracha ar leathanach 5 á leanúint go cruinn agat.

## Céard atá á thairiscint againn?

**An Conradh:** Gníomhaire Sealadach – Feidhmghrúpa AD, grád 7

**Fad an chonartha:** 3 bliana

**Tréimhse phromhaidh**: 9 mí

**Gnáth-thuarastal AD7:** d'fhostaí aonair gan liúntas easaoránachta: isteach is amach le EUR 4 400 glan in aghaidh na míosa. I gcás fostaí pósta le liúntas easaoránachta agus leanbh amháin: isteach is amach le EUR 6 200 glan in aghaidh na míosa.

## Cé muid?

Gníomhaireacht de chuid an AE is ea an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF) a chabhraíonn le tíortha idirlinne agus tíortha i mbéal forbartha[1] a gcórais oideachais, oiliúna agus mhargaidh shaothair a athchóiriú.

Creidimid san ETF go mbaineann ríthábhacht le hacmhainní daonna a fhorbairt trí oideachas agus oiliúint chun go spreagfar fás eacnamaíoch, infhostaitheacht agus cuimsiú sóisialta i dtíortha idirlinne.

Is é an cuspóir atá againn feabhas a chur ar bheatha daoine, rathúnas a mhéadú agus fás inbhuanaithe a chothú. Tá an obair a bhíonn ar siúl againn chun caipiteal daonna a fhorbairt bunaithe ar bheartais inmheánacha ghaolmhara an AE agus is cuid de bheartas caidrimh sheachtraigh an AE í.

*Faigh tuilleadh amach faoin ETF agus faoin obair a dhéanaimid: www.etf.europa.eu.*

## Maidir le Turin

Tá Turin suite in iarthuaisceart na hIodáile agus tá thart ar mhilliún duine ina gcónaí ann. Tá cultúr agus stair saibhir ag an gcathair agus tá cáil uirthi as ucht a dánlanna, bialanna, pháláis, páirceanna, músaeim, gairdíní agus amharclanna.

*Faigh tuilleadh faisnéise faoi Turin ar ár suíomh gréasáin.*

## Cén chuid den eagraíocht ina bhfuil an post?

Beidh an post i Roinn Oibríochtaí an ETF, a bhfuil dhá Aonad inti:

---

[1] Is iad seo a leanas na tíortha agus na críocha ar comhpháirtithe de chuid an ETF iad: an Albáin, an Ailgéir, an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Éigipt, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, an tSeoirsia, Iosrael, an Iordáin, an Chasacstáin, an Chosaiv (tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSC 1244 agus tuairim CBI ar Dhearbhú Neamhspleáchais na Cosaive), an Chirgeastáin, an Liobáin, an Libia, Montainéagró, Maracó, an Phalaistín, Poblacht na Moldóive, an Rúis, an tSeirbia, an tSiria, an Táidsíceastáin, an Túinéis, an Tuirc, an Tuircméanastáin, an Úcráin, an Úisbéiceastáin.

Cuireann an tAonad Beartais Téamaigh tionscadail straitéiseacha i bhfeidhm ag díriú ar théamaí áirithe (i.e. Cáilíochtaí agus an córas cáilíochtaí, soláthar agus caighdeán VET, fostaíocht, infhostaitheacht agus soghluaisteacht agus foghlaim fiontraíochta agus scileanna fiontair); naisc a chomhordú idir na réimsí/tionscadail téamacha éagsúla agus rannchuidiú le caidreamh le geallsealbhóirí corparáideacha ar shaincheisteanna téamacha beartais.

Déanann an tAonad Bheartas Córais/Anailís Tíre monatóireacht agus anailís ar fhorbairtí beartais VET i dtíortha comhpháirtíochta an ETF, tá sé freagrach as caidreamh agus líonrú le geallsealbhóirí sna tíortha comhpháirtíochta, agus cuireann sé i bhfeidhm na tionscadail straitéiseacha: Próiseas Torino, Scileanna agus rialachas VET agus cláir sheachtracha agus tacaíocht tionscadail AE.

## Próifíl an phoist

Is iad seo a leanas dualgais an Speisialtóir ar an Margadh Saothar:

- Tabhairt faoi anailís tíre agus trastíre ar threochtaí sa mhargadh saothair agus ar fhorbairtí i mbeartas fostaíochta i dtíortha agus réigiúin chomhpháirtíochta an ETF;
- Anailís a dhéanamh ar bheartais fostaíochta an AE ó thaobh a n-ábharthachta agus a n-infheidhmeachta i gcomhthéacs thíortha comhpháirtíochta an ETF;
- Ionstraimí agus cuir chuige modheolaíochta nua a fhorbairt chun anailís a dhéanamh ar mhargaí saothair agus beartais fostaíochta a mheas i dtíortha comhpháirtíochta an ETF;
- Cur le soláthar comhairle bheartais agus treoir do thíortha comhpháirtíochta an ETF agus tacaíocht d’institiúidí an AE;
- A bheith páirteach i dtaisteal gnó i dtíortha comhpháirtíochta an ETF chun idirghabhálacha ETF agus/nó AE sa réimse forbairt caipitil daonna a aithint, a gcuimsítear leo gnéithe de bheartais an mhargaidh saothair agus fostaíochta;
- Cur le próisis foghlama beartais i dtíortha comhpháirtíochta an ETF, lena n-áirítear forbairt acmhainne;
- Cur le saineolas téamach an ETF a fhorbairt trí pháipéir seasaimh agus treoir bheartais a dhréachtú, ról a ghlacadh i dtionscnaimh nuálacha agus modheolaíochtaí nua a fhorbairt, trí pháirt a ghlacadh i líonraí ábhartha agus trí chinntiú go gcomhroinnfear saineolas i measc foirne tíre an ETF;
- Ionadaíocht a dhéanamh don ETF ar leibhéal an AE agus i bhfóraim idirnáisiúnta.

## Critéir Incháilitheachta

D’fhonn a bheith incháilithe, ní mór duit na riachtanais seo a leanas a shásamh tráth an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais:

1. A bheith i do náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach;
2. A bheith i dteideal do cheart iomlán mar shaoránach;
3. Aon oibleagáidí dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat;
4. A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
5. Leibhéal oideachais arb ionann é agus ceithre bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma, **agus taithí ghairmiúil chuí sé bliana ar a laghad ina dhiaidh sin**;

   **nó**

   Leibhéal oideachais arb ionann é agus trí bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma **agus taithí ghairmiúil chuí seacht mbliana ar a laghad ina dhiaidh sin**;

   **N.B.: Ní fhéadfar ach dioplómaí a bronnadh i mBallstáit den AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin a bhreithniú.**
6. Eolas críochnúil[2] a bheith agat ar cheann de theangacha an Aontais agus eolas sásúil3 a bheith agat ar theanga eile de chuid an Aontais, a mhéid is gá chun na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, ní mór duit a bheith in ann téarma iomlán 3 bliana a chur isteach sula mbainfidh tú an aois scoir de 66 bliana amach.

---

[2] Coibhéiseach le leibhéal C1 i ngach gné mar atá sainithe sa Chreat Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha

[3] Coibhéiseach le leibhéal B2 i ngach gné mar atá sainithe sa Chreat Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha

## Critéir Roghnúcháin

**TAITHÍ**

Ní mór d'iarrthóirí 6 bliana de thaithí oibre a bheith acu ag déanamh anailíse agus/nó ag cur comhairle beartais ar fáil sa réimse seo a leanas:

1. Naisc idir an fhostaíocht agus beartais oideachais agus oiliúna (e.g. forbairt caipitil daonna agus infhostaitheacht daoine óga, aistriú ó shaol na scoile chuig saol na hoibre);

agus **ar a laghad i gceann amháin** de na réimsí seo a leanas:

2. Beartas fostaíochta a cheapadh;
3. Anailís ar an margadh saothair agus riachtanais scileanna a aithint;
4. Ról agus feidhmiú na seirbhísí fostaíochta;
5. Monatóireacht, meastóireacht agus measúnú tionchair ar bheartais agus cláir fostaíochta.

Ina theannta sin, caithfear na hinniúlachtaí agus na scileanna seo a leanas a bheith ag na hiarrthóirí:

**SCILEANNA TEICNIÚLA**

- Tuiscint mhaith ar bheartais an AE i réimse na fostaíochta;
- Ardscileanna anailíse beartais;
- Scileanna an-mhaith[4] scríbhneoireachta, léitheoireachta, labhartha agus éisteachta i mBéarla.

**CROÍSCILEANNA**

- Scileanna an-mhaith anailíseacha – i.e. an cumas chun réimse leathan saincheisteanna casta a thuiscint agus tabhairt fúthu ar an mbealach is éifeachtaí.
- Scileanna an-mhaith cumarsáide – i.e. an cumas chun faisnéis a eagrú agus a chur i láthair (ó bhéal agus i scríbhinn), agus tuairimí agus coincheapa a chur in iúl d'éisteoirí arb as cultúir éagsúla iad ar bhealach measúil, gonta, sothuigthe, spéisiúil.
- Scileanna an-mhaith le hobair fhoirne – i.e. an cumas chun caidreamh oibre sármhaith a bhunú agus a chothú i gcomhthéacs ilchultúrtha, ag leibhéal na foirne agus an duine aonair. An cumas chun comhsprioc a chomhroinnt agus an fhreagracht chun é sin a bhaint amach a chomhroinnt laistigh de ghrúpa.
- Ardscileanna tuisceana ar sheirbhís - i.e. an cumas chun bunriachtanais na ngeallsealbhóirí a thuiscint agus teacht ar réitigh a oireann do na riachtanais sin.

Ina theannta sin, beidh sé buntáisteach má tá ceann amháin nó níos mó de na **buanna** atá liostaithe thíos ag an iarrthóir:

**BUANNA**

- Eolas maith[5] ar Fhraincis, agus/nó Araibis, agus/nó Rúisis.
- Eolas maith agus tuiscint mhaith ar an margadh saothair agus beartais fostaíochta i dtíortha i mbéal forbartha.

## Nós Imeachta Roghnúcháin

Tabhair do d'aire gur fíor-rúnda atá obair agus pléití an Bhoird Mheasúnachta Roghnúcháin (SAB) agus nach ceadmhach aon teagmháil a dhéanamh leis. Bí ar an eolas gurb ionann teagmháil le baill den SAB agus forais le dícháiliú ón nós imeachta roghnúcháin.

Déanfar an nós imeachta roghnúcháin ina thrí chéim.

### Céim 1 – Iarratais a scagadh

1.1 INCHÁILITHEACHT

Déanfar measúnú ar chomhlíonadh **na gcritéar incháilitheachta agus na riachtanas foirmiúil** ar bhonn fhoirm agus ábhar na ndoiciméad iarrtha (féach an mhír "Riachtanais Fhoirmiúla" sa rannán "Iarratais a chur isteach").

---

[4] Coibhéiseach le leibhéal C1 i ngach gné mar atá sainithe sa Chreat Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha

[5] Coibhéiseach le leibhéal B2 i ngach gné mar atá sainithe sa Chreat Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha

### 1.2 ROGHNÚ LE HAGHAIDH AGALLAIMH

Déanfaidh an SAB measúnú ar iarratais ar bhonn an CV agus na foirme Critéir Roghnúcháin atá curtha ar fáil, i bhfianaise phróifíl an phoist agus na gcritéar roghnúcháin. Tabharfar cuireadh chuig céim 2 [6] do na hiarrthóirí a mheastar a CV agus a bhfoirm Critéir Roghnúcháin a bheith ar na cinn is oiriúnaí do na critéir thuas.

**Céim 2 – Agallaimh agus trialacha**

Déanfaidh an SAB na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn don phost agus a theastaíonn ó bhaill foirne shealadacha an Aontais Eorpaigh (féach an rannán faoi chritéir roghnúcháin) a mheas, chomh maith leis na buanna fógartha trí agallamh agus triail/trialacha scríofa. Beidh ar a laghad cuid amháin gan ainm ag gabháil leis an triail/na trialacha sin.

Táthar ag súil go reáchtálfar an chéim seo idir deireadh mhí na Samhna agus tús mhí na Nollag agus is i mBéarla go príomha a reáchtálfar í.

Ar chur i gcrích na céime seo, molfaidh an SAB liosta a bhfuil iarrthóir amháin nó níos mó air a mheasfar a bheith ar na cinn is oiriúnaí[7] don phróifíl poist agus do na critéir roghnúcháin. Is é Stiúrthóir an ETF a dhéanfaidh an cinneadh deiridh.

**Céim 3 – Ceapachán**

Ceapfaidh an Stiúrthóir an t-iarrthóir rathúil ar bhonn an liosta atá molta ag an SAB.

Féadfaidh an Stiúrthóir cinneadh a dhéanamh freisin liosta d'iarrthóirí eile a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach a dhéanamh. Beidh an liosta sin bailí ar feadh dhá mhí dhéag ar a mhéad ó dháta a bhunaithe agus féadfar an tréimhse sin a athrú le cinneadh ón Stiúrthóir. Ní hionann cur ar áireamh sa liosta sin agus gealltanas go dtairgfear post.
Sa chás go dtagann folúntas i bpost den sórt sin aníos nó gur gá é a chlúdach, féadfaidh an Stiúrthóir post a thairiscint d'iarrthóir ar an liosta a n-oireann a p(h)róifíl is fearr do riachtanais an ETF um an dtaca sin.

## Coinníollacha Conartha

Conradh trí bliana mar Ghníomhaire Sealadach, Grúpa feidhme AD, grád 7, atá faoi réir thréimhse phromhaidh naoi mí is ea an conradh a fhéadfar a thairiscint don iarrthóir rathúil.

Tá conarthaí Gníomhairí Sealadacha ag teacht le hAirteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile (CEOS) na gComhphobal Eorpach.

Tá an fostaí faoi cheangal faoin gcineál conartha sin leis an CEOS agus leis na Rialacha Cur Chun Feidhme cuí.

Ní bheidh an ETF faoi cheangal leis an gconradh fostaíochta arna thairiscint ach amháin sa chás go ndearna an t-iarrthóir rathúil na nithe seo a leanas sular síníodh an conradh:

- Tá cóipeanna bunaidh nó cóipeanna deimhnithe curtha ar fáil aige nó aici de gach doiciméad ábhartha lena ndeimhnítear a (h)incháilitheacht, lena n-áirítear taifead glan ciontuithe;
- Thug sé/sí faoi scrúdú dochtúra éigeantach lena ndearbhaítear go gcomhlíonann sé/sí an caighdeán corpacmhainneachta is gá chun na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh;
- Chuir sé/sí an ETF ar an eolas faoi aon choinbhleacht leasa atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann agus measadh nach bhfuil aon leas pearsanta aige ná aici a chuirfeadh as dá neamhspleáchas, ná aon choinbhleacht leasa eile.

**TUARASTAL AGUS SOCHAIR**

- Tá an tuarastal bunaithe ar scála tuarastail an Chomhphobail. Tá pá faoi réir cháin an Chomhphobail agus asbhaintí eile atá leagtha síos i Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile (CEOS) na gComhphobal Eorpach. Tá luach saothair díolmhaithe ó aon cháin náisiúnta ar thuarastal, áfach;
- Féadfar liúntais éagsúla, na liúntais teaghlaigh agus an liúntas easaoránachta go háirithe (4 % nó 16 % den bhuntuarastal), a dheonú nuair is cuí.

---

[6] 5 nó 6 de ghnáth

[7] Tar éis 70% ar a laghad den scór iomlán a bhaint amach (agallamh agus triail scríofa)

## Iarratais a chur isteach

Tugtar cuireadh d'iarrthóirí a n-iarratais a chur isteach tríd an rannán "Work with us - tenders and careers" ar shuíomh gréasáin an ETF.

Is é an **dáta deiridh** chun iarratas a chur isteach ná **6 Samhain 2016 ag 23.59 (Am Lár na hEorpa)**.

Moltar go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí an lá deiridh chun a n-iarratas a chur isteach mar go bhféadfadh trácht trom Idirlín nó fabht sa nasc Idirlín a bheith ina gcúis le deacrachtaí nuair a bheifear ag cur iarratais isteach. Ní féidir an locht a chur ar an ETF as moill ar bith de bharr na ndeacrachtaí sin.

### RIACHTANAIS FHOIRMIÚLA:

Ní mór na doiciméid seo **ar fad** a sholáthar **roimh an dáta deiridh**. B'fhearr linn iad a fháil i mBéarla:

- **Litir inspreagtha** chlóscríofa nach bhfuil níos faide ná leathanach amháin ina mhíníonn an t-iarrthóir na fáthanna a bhfuil spéis aige nó aici sa phost seo;
- **Curriculum vitae** i *bhformáid CV Europass*, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an ETF (**ní bhreithneofar formáidí eile**);
- Ní mór d'iarrthóirí an chaoi a gcomhlíonann siad na Critéir Roghnúcháin a shonrú san '**Fhoirm Critéir Roghnúcháin**' atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an ETF.

**Tabhair do d'aire nach nglacfar ach le hiarratais a chuirtear isteach ar líne trí shuíomh gréasáin an ETF le ceann amháin** *d'fhormáidí CV Europass agus ina dtugtar an fhaisnéis agus/na doiciméid ar fad atá liostaithe faoi "riachtanais fhoirmiúla" thuas.*

**Más rud é go bhfuil ceann ar bith de na doiciméid atá liostaithe thuas ar iarraidh nó nach gcomhlíontar na critéir incháilitheachta, ní dhéanfar a thuilleadh bhreithiúna ar an iarratas.**

### TUILLEADH FAISNÉISE

Ní dhéanfar tuilleadh teagmhála ach le hiarratasóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh de bharr an líon ard iarratas a gheofar.

Ní thabharfar na doiciméid iarratais a chuirtear ar fáil le linn an nós imeachta roghnúcháin ar ais d'iarrthóirí. Ina ionad sin, coinneofar ar comhad iad ag an ETF don tréimhse is gá le haghaidh an phróisis agus scriosfar ina dhiaidh sin iad.

Beidh feidhm ag reachtaíocht an AE um chosaint sonraí pearsanta agus rúndacht faisnéise maidir leis na sonraí pearsanta ar fad a bhailítear le haghaidh an phróisis roghnúcháin seo.

Tá tuilleadh faisnéise le fáil sa rannán "Privacy statement for job applicants" ar láithreán gréasáin an ETF.

Sa chás go bhfuil iarrthóir den tuairim go ndearnadh dochar dá leasanna le cinneadh a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin, féadfaidh sé nó sí gearán a dhéanamh trí na treoracha atá ar fáil faoin rannán ar "Achomhairc" ar láithreán gréasáin an ETF a leanúint.